An Coimisiún Eorpach

# **Johan Willem Beyen:** plean cómhargaidh




*Johan Willem Beyen 1897- 1976*

*Ba bhaincéir idirnáisiúnta agus fear gnó a bhí sa pholaiteoir Ísiltíreach Johan Willem Beyen a chuir beocht nua i bpróiseas lánpháirtithe na hEorpa i lár na 1950daí.*

*Tá Beyen ar dhuine de na daoine is lú cáil a bhí i ngrúpa Phríomhbhunaitheoirí an AE. Na daoine a raibh aithne acu air, bhí meas acu air i ngeall ar a tharraingteacht, ar an ngné idirnáisiúnta a bhain leis agus ar cé chomh réchúiseach agus a bhí sé.*

*Le linn dó bheith ina Aire Gnóthaí Eachtracha san Ísiltír, chuidigh Beyen go mór le próiseas aontaithe na hEorpa. Chuir sé ina luí orthu siúd a bhí drogallach, san Ísiltír agus san Eoraip, glacadh le lánpháirtiú na hEorpa. Is é a bhí in 'Plean Beyen' moladh d'aontas custaim agus do chomhar eacnamaíoch forleathan laistigh de chómhargadh Eorpach. Cinneadh buntréithe an phlean sin i gConarthaí na Róimhe i 1957 agus tá siad ag croílár an Aontais Eorpaigh ó hin.*

## Cúlra

Rugadh Johan Willem (Wim) Beyen ar an 2 Bealtaine 1897 in Utrecht na hÍsiltíre. Ba theaghlach saibhir a bhí ina mhuintir agus bhí saol sona sásta aige le linn a óige, d'fhás sé i dtimpeallacht idirnáisiúnta, agus bhí béim ar an litríocht agus ar an gceol. Tar éis dó céim sa dlí a bhaint in Ollscoil Utrecht i 1918, thosaigh sé a ghairm bheatha in earnáil an airgeadais náisiúnta agus idirnáisiúnta. Bhí a chéad phost aige i Roinn Airgeadais na hÍsiltíre, ach bhog sé go dtí an earnáil chorparáideach agus bhaincéireachta i 1924. Ceapadh é ina Uachtarán ar an mBanc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta agus ina Stiúrthóir ar an ngnólacht tráchtearraí Briotanach-Ísiltíreach Unilever.

## An Dara Cogadh Domhanda

D'oibrigh Beyen ar deoraíocht i Londain le linn an Dara Cogadh Domhanda nuair a bhí a thír dhúchais faoi fhorghabháil ag an nGearmáin Naitsíoch. Bhí ról tábhachtach aige i gComhdháil Bretton Woods i 1944 nuair a leagadh síos bunús le struchtúr airgeadais idirnáisiúnta iarchogaidh. Ón mbliain 1946 i leith, bhí sé ina ionadaí thar ceann na hÍsiltíre ar bhord an Bhainc Dhomhanda agus bhí an ról céanna aige ó 1948 ar aghaidh ar an gCiste Idirnáisiúnta Airgeadaíochta.

## Aire Gnóthaí Eachtracha

Bhí Beyen ina Aire Gnóthaí Eachtracha san Ísiltír le linn ré na hatógála tar éis an Dara Cogadh Domhanda. Le linn an chogaidh, tháinig sé ar an tuairim go raibh gá le lánchomhar eacnamaíoch réigiúnach le nach dtarlódh an cineál géarchéime airgeadais a tharla sna 1930daí arís. Thosaigh ceannairí ar fud na hEorpa iarchogaidh ag teacht ar an tuiscint nach bhféadfaí na huafáis a bhain leis an gcogadh agus leis an ngéarchéim airgeadais a shárú ach trí chomhar idirnáisiúnta. Cé gur dhírigh roinnt tionscnamh ar an gcomhar sin a shaothrú ar bhonn domhanda,

chreid Beyen go bhféadfaí níos mó dul chun cinn a dhéanamh trí chomhar réigiúnach. Ba le Plean Marshall a rinneadh na chéad chéimeanna i dtreo comhair eacnamaíoch i 1948 – an pacáiste mór cabhrach Meiriceánach don Eoraip lenar ceanglaíodh ar thíortha na hEorpa oibriú le chéile ar chúrsaí eacnamaíocha san Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíoch (ECFE). Mar thoradh ar Dhearbhú Schuman an 9 Bealtaine 1950, cruthaíodh an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach i 1952 le nach bhféadfadh cogadh titim amach san Eoraip arís.




*Beyen ag Comhdháil Messina, áit ar mhínigh sé a phlean do chomhar eacnamaíoch san Eoraip.*

## Plean Beyen

D'aithin Beyen, áfach, go raibh deis ann comhar níos dlúithe a fhorbairt idir náisiúin na hEorpa. Thuig sé go mbeadh sé deacair lánpháirtíocht pholaitiúil a bhaint amach an tráth sin agus d'éirigh leis é a chur ina luí ar a chomhghleacaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta go bhféadfaí dul chun cinn breise a dhéanamh trí chomhar eacnamaíoch breise, agus chreid sé go mbeadh an t-aontas polaitiúil ina thoradh air sin níos déanaí. Bhí an méid sin ar intinn aige nuair a dhréachtaigh sé Plean Beyen. Ón taithí a bhí aige san airgeadas agus sa bhaincéireacht idirnáisiúnta thuig sé nach raibh sé éasca ceisteanna ar nós bacainní trádála agus dífhostaíocht a réiteach ar an leibhéal náisiúnta agus go raibh gá le cur chuige idirnáisiúnta. Cé go raibh leisce ar dhaoine áirithe agus go raibh daoine eile i rialtas na hÍsiltíre go mór i gcoinne an phlean, d'éirigh leis é a bhrú ar aghaidh le linn na bpléití faoi Chomhphobal Eorpach um Chosaint agus faoi Chomhphobal Eorpach Polaitiúil go luath sna 1950daí.

## Cómhargadh

Ní bhfuair Beyen mórán tacaíochta i dtosach, go háirithe mar nach raibh aon spéis ag rialtas na linne sin sa Fhrainc i gcomhtháthú eacnamaíoch breise. Nuair a theip ar an gComhphobal Eorpach um Chosaint de thoradh dhiúltú Pharlaimint na Fraince an conradh a dhaingniú, tháinig athrú ar an gcás. Níorbh fhéidir níos mó dul chun cinn a dhéanamh óir ní bheadh comhphobal um chosaint ná comhphobal polaitiúil ann. D'fhág sé sin gur tugadh suntas arís do Phlean Beyen. Bhí an plean bunaithe ar an smaoineamh go raibh géarghá ann le lánchomhar eacnamaíoch i gcoitinne agus ní amháin i réimse an ghuail agus na cruach. Ba chómhargadh an réiteach a moladh, fearacht an chomhair idir an Bheilg, an Ísiltír agus Lucsamburg a chruthaigh comhaontú 'Benelux' i 1944. Rinne tíortha Benelux, faoi threoir Aire Paul-Henri Spaak ón mBeilg, nasc idir smaointe Beyen agus plean a bhí ag an bhFrainc Comhphobal do Fhuinneamh Adamhach a bhunú agus tugadh an deis do Beyen a phleananna a mhíniú le linn Chomhdháil Messina i 1955. Mhínigh sé nach bhféadfaí aontas poilitiúil a chruthú gan cómhargadh ina mbeadh comhfhreagracht as an mbeartas eacnamaíoch agus sóisialta agus údarás fornáisiúnta. Bhí roinnt páirtithe eile sa Chomhdháil den tuairim chéanna. Chuir sé thír a síniú le Conarthaí na Róimhe i Márta 1957 agus cruthaíodh Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Euratom.

Is minic ina dhiaidh sin nár tugadh aon suntas don ról a bhí ag Beyen, ach thacaigh a chuid oibre go mór le próiseas lánpháirtithe na hEorpa sna 1950daí agus aithnítear é i measc na gcarachtar tábhachtach ar a dtugtar Príomhbhunaitheoirí an Aontais Eorpaigh. Ní dhearmadófar é go deo mar dhuine a thug spreagadh úrnua don tionscadal Eorpach tráth a raibh an spreagadh sin de dhíth go mór.